

Ó GRAS

DON GHAEILGE - DON ÓIGE



Polasaí ar Oibrithe Deonacha
2020

Ráiteas Polasaí

Tá Ógras tiomanta do sheirbhís ghairmiúil agus éifeachtúil a chur ar fáil i dtacú le saorálaíocht i gclubanna agus gníomhaíochtaí óige Gaeilge.

Aithnímid gur gá dúinn oibrithe deonacha a chuimsiú inár gcuid oibre ar mhaithe lenár spriocanna a bhaint amach. Tá sé riachtanach chomh maith go gcuirfimid samhail dea- chleachtais i mbainistíocht oibrithe deonacha i láthair. Féachaimid ar oibrithe deonacha mar acmhainn luachmhar agus spreagaimid iad le bheith páirteach ar gach leibhéal den eagraíocht agus sna gníomhaíochtaí cuí go léir. Tá sé mar aidhm againn oiliúint, tacaíocht agus maoirseacht a chur ar fáil dár n-oibrithe deonacha chomh fada agus is féidir linn, agus gníomhú go tapa agus go cothrom má bhíonn fadhbanna ann. Beidh Gaeilge riachtanach in aon earcaíocht d'Oibrithe Deonacha a dhéanfar don eagraíocht. Cuirfear spreagadh agus tacaíocht ar fáil d'oibrithe deonacha gur mian leo teacht i dtír ar theanga na heagraíochta. Is mór againn an tsaorálaíocht toisc na tairbhí uathúla a bhaineann léi, amhail an sampla a léiríonn sí do dhaoine óga, an bealach a thógann sí pobail atá níos láidre agus na dearcaí agus scileanna éagsúla a thugann sí le chéile in Ógras. Is léiriú é ár bpolasaí ar an gcuspóir agus na luachanna seo. Le linn á gcuid oibre leis an eagraíocht níor chóir d'oibrithe deonacha tuairimí a nochtadh a bhaineann le conspóideacha polaitíochta, ciníochas, creidimh nó idéolaíochta.

Treoirínte Nósanna Imeachta

Cuspóir an doiciméid

Is é cuspóir an doiciméid inmheánaigh seo ná treoir a chur ar fáil ar gach gné den tsaorálaíocht ag Ógras. Ní hionann é agus conradh ceangailteach. Cuireann sé le polasaithe agus nósanna imeachta eile de chuid Ógras, agus leis an sainmhíniú atá againn ar shaorálaíocht, ár ráiteas misin agus ár mbonn luachanna. Baineann na nósanna imeachta seo le gach oibrí deonach neamhthofa a dhéanann tascanna ar son agus faoi stiúir Ógras.

1. Freagracht

Tá Stiúrthóir Ógras freagrach as cinntiú go gcuirtear an polasaí agus na nósanna imeachta sa doiciméad seo i bhfeidhm go héifeachtúil agus go héifeachtach. Táthar ag súil leis go n-éascóidh gach ball foirne agus oibrí deonach eile (comhaltaí deonacha an choiste bainistíochta san áireamh) an próiseas seo.

2. Cáilitheacht

Déanfaidh Ógras machnamh ar ghlacadh le duine ar bith mar oibrí deonach. Ach ní mór do dhaoine a bheith in ann tiomantas d'aidhmeanna na heagraíochta a léiriú agus tá an seans ann nach dtabharfar post dó/di ach amháin má tá a riachtanais mar oibrithe deonacha i gcomhréir le riachtanais na heagraíochta. Ní ghlacfar le duine ar bith a bhfuil coimhlint leasa aige/aici le réimse ar bith den eagraíocht mar oibrí deonach.

3. Sainmhíniú

Is ionann oibrí deonach agus duine a thugann a c(h)uid ama, scileanna agus seirbhíse go saor faoi stiúir agus le comhaontú Ógras, ach nach mbíonn á íoc

agus nach mbíonn ag súil le híocaíocht ach an oiread. Tugtar “Ceannairí” ar na daoine sin a bhíonn ag obair le daoine óga san eagraíocht.

4. Caidreamh leis an bhfoireann íoctha (pé áit a mbíonn sé bainteach)

Ceaptar oibrithe deonacha chun cumas na foirne íoctha a fheabhsú, seachas dul ina n-áit. Os a choinne sin, ní ghlacann Ógras le seirbhísí a bhfoirne íoctha mar oibrithe deonacha. Bunaítear róil shoiléire chun difreáil a dhéanamh idir an fhoireann íoctha agus oibrithe deonacha, ar mhaithe le caidreamh atá tairbheach go frithpháirteach agus comhlántach a chothú.

5. Dálaí oibre

Caitear le hoibrithe deonacha mar bhaill iomlána d’fhoireann Ógras. Caitear chomh cothrom agus cóir leo is a chaitear leis an bhfoireann íoctha agus bíonn siad san áireamh i bhfeidhmeanna agus próisis chinnteoireachta na heagraíochta, pé áit ar féidir.

6. Amanna oibre

Déanann Stiúrthóir Ógras agus an t-oibrí deonach idirbheartaíocht ar na hamanna oibre agus bíonn siad chomh solúbtha is a ligeann na tascanna dóibh a bheith. Ní bhítear ag súil leis riamh go mbeadh an tiomantas deonach ama mar an gcéanna le sceideal ama na foirne lánaimseartha íoctha, ach d’fhéadfaí deacrachtaí eagraíochtúla a chruthú má bhítear as láthair gan choinne. Nuair a bhíonn siad ag súil le bheith as láthair, ba chóir d’oibrithe deonacha an club/eagraíocht a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir, ionas gur féidir socruithe eile a dhéanamh.

7. Iompraíocht chuí

Bítear ag súil leis go n-oibreoidh oibrithe deonacha de réir pholasaithe agus nósanna imeachta Ógras, agus go gcloífidh siad lena n-éiteas. Agus iad mar ionadaithe de chuid na heagraíochta, tá siad freagrach as íomhá dhearfach d’Ógras a chur os comhair an tsaoil mhóir.

8. Ionadaíocht ar son Ógras

Caithfidh oibrithe deonacha cead a fháil roimh ré ó Stiúrthóir Ógras sula ndéanfaidh siad rud ar bith a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar an eagraíocht. Cuimsíonn sé seo, gan a bheith teoranta do, ráitis do na meáin chumarsáide, comhthionscnaimh le comhlachtaí eile, agus comhaontuithe a bhaineann le hoibleagaidí conarthacha nó airgeadais.

9. Rúndacht

Tá meas ag Ógras ar cheart príobháideachais agus rúndachta oibrithe deonacha. Ar an gcaoi chéanna, tá oibrithe deonacha freagrach as eolas pribhléideach a bhíonn nochta dóibh fad is a bhíonn siad mar oibrithe deonacha ag Ógras a choinneáil faoi rún.

10. Taifid

Stórálfar eolas pearsanta faoi oibrithe deonacha, tiocfar air agus coinneofar é i gcomhréir le riachtanais na reachtaíochta baintí.

11. Seirbhís faoi rogha Ógras

Bíonn seirbhís dheonach ar bith faoi rogha Ógras. Tá cead ag Ógras cinneadh

a dhéanamh deireadh a chur le caidreamh an oibrí dheonaigh leis an eagraíocht. Ar an gcaoi chéanna, tá cead ag oibríthe deonacha cinneadh a dhéanamh deireadh a chur lena gcaidreamh le hÓgras. Ba chóir fógra faoin leithéid de chinntí a chur in iúl chomh luath agus is féidir, agus i scríbhinn más féidir, nó i bhfoirm ríomhphost.

Earcaíocht

1. Cur síos ar ról agus sonraíochtaí daoine

Ar nós na foirne íoctha, caithfidh oibríthe deonacha cur síos soiléir agus cruinn a fháil ar na tascanna agus freagrachtaí is gá dóibh a chomhlíonadh. Sular féidir oibrí deonach a cheapadh nó earcaíocht a dhéanamh, ní mór cur síos ar ról a fhorbairt do gach deis dheonach. Caithfidh go gcuimseoidh sé seo teideal an ról mar oibrí deonach, dátaí tosaithe agus críochnaithe, uaireanta agus áit oibre, ainm an mhaoirseora agus tascanna is gá a chur i gcrích. Is ceadmhach an cur síos ar an ról a athrú trí chomhaontú leis an oibrí deonach agus le Stiúrthóir Ógras. Ní mór cóip den leagan deiridh a thabhairt don oibrí deonach. Ní mór do chur síos ar an ról teorainn ama a shainiú (tréimhse nach faide ná bliain amháin) le haghaidh rannpháirtíocht dheonach agus déanfar athbhreithniú agus nuashonrú orthu ina dhiaidh seo, más cuí.

2. Ról an oibrí dheonaigh san earcaíocht

Spreagtar oibríthe deonacha le hoibríthe deonacha eile a earcú go háitiúil i gcomhairle leis an bhfoireann. Ní mór do gach oibrí deonach nua dul trí na nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin. Tá cead ag oibríthe deonacha forbairt club nua a stiúradh chomh maith i gceantar áirithe mar chuid de phlean eagraíochtúil níos leithne.

3. Comhionannas

Bíonn Ógras ag iarraidh éagsúlacht an phobail ina mbíonn siad ag obair a léiriú agus ba chóir fáilte a chur roimh an éagsúlacht seo, chomh maith le meas a léiriú uirthi agus í a spreagadh. Beidh gach duine óg agus fásta páirteach ar bhonn an duine atá ann/inti, beag beann ar a gcúlra nó stádas eile agus tá comhdheiseanna ar fáil dóibh a bheith páirteach go cuí in Ógras.

Tá rún daingean ag Ógras a chinntiú ná ndéanfar leatrom ar aon duine ar bhonn aon cheann de na hábhar seo, lena n-áirítear:

- Inscne
- Stádas Pósta
- Stádas Teaghlaigh
- Treoshuíomh Gnéis
- Creideamh
- Aois
- Cine
- Ball den Luch Siúil
- Mí chumas
- Tuairimí Polaitiúil

4. Iarratais

Earcaíonn an eagraíocht oibríthe deonacha go forghníomhach trí bhealaí poiblíochta atá oiriúnach do na ról is gá a líonadh. Tá cead ag oibríthe deonacha féideartha iarratas a chur isteach gan iarraidh chomh maith. Earcaítear oibríthe deonacha i gcomhréir le polasaí comhdheiseanna Ógras. Ní mór do gach oibrí deonach foirm iarratais a chomhlánú.

Is gá do gach iarrthóir dhul faoi réamhscrúdú an Gharda Síochana & toradh sásúil a bheith bainte amach acu sula féidir leo tosnú mar cheannaire le hÓgras.

5. Agallaimh

Tugtar cuireadh d'iarratasóirí a bheith i láthair le haghaidh comhrá neamhfhoirmiúil le duine den fhoireann chun an tsuim atá aige/aici sa ról agus a (h)oiriúnacht dó a dheimhniú. Coinnítear taifid scríofa ar gach agallamh.

6. Seiceálacha oiriúnachta

Glactar le teistiméireachtaí i gcónaí. Má bhíonn sé de dhíth ar an ról, déantar seiceáil sláinte (meabhrach agus coirp) chomh maith. D'fhéadfaí seiceálacha eile a dhéanamh chomh maith (mar shampla, cáilíochtaí gairmiúla a dheimhniú). Tugtar rabhadh d'oibríthe deonacha roimh ré i gcónaí faoin intinn atá ann na seiceálacha seo a dhéanamh. Má dhiúltaíonn siad cead agus murar féidir leo cúis inghlactha a thabhairt, ní thabharfar post dóibh.

7. Ceapachán

Ní dhéantar ceapacháin fhoirmiúla ach tar éis don chur síos ar an ról a bheith socraithe agus gach seiceáil riachtanach a bheith glactha. Ní dhéantar sannacháin ar bith ach amháin más féidir freastal ar riachtanais an oibrí dheonaigh agus mhaoirseoir an oibrí dheonaigh.

8. Oibríthe Deonacha Óga

Séard is ceannaire óg na duine óg idir 15 bliain d'aois agus faoi 18 mbliana d'aois atá ag tacú leis an cheannaire fásta agus ag obair faoi stiúir an cheannaire fásta. Níor chóir an club a fhágáil riamh faoi stiúir ceannairí óga.

Is gá d'Ógras ceannairí óga atá 16-17 bliain d'aois a chur faoi ghrinnfhiosrúcháin le cead óna dtuismitheoirí.

Aithníonn Ógras na ról éagsúla agus ilghnéitheacha a bhíonn ag daoine óga in eagraíochtaí óige sa lá atá inniu ann agus sa tsochaí i gcoitinne. Chomh maith leis sin, aithníonn Ógras na ceisteanna speisialta agus leithleacha a bhíonn i gceist le teagmháil le daoine óga (go háirithe faoi 18 mbliana), agus cinnteoidh siad cur i bhfeidhm na struchtúr riachtanach chun an duine óg agus an eagraíocht a chosaint araon. Cuimseoidh sé seo doiciméid riachtanacha ar bith, lena n-áirítear toiliú tuismitheora agus maoirseacht agus tacaíocht chuí daoine fásta faoi na Treoirínte bainteacha um Chosaint Leanaí.

Oiliúint

1. Insealbhú

Déantar gach oibrí deonach a insealbhú nuair a thosaíonn siad obair dheonach ag Ógras. Is ionann seo agus tús eolais ginearálta ar an eagraíocht, chomh

maith le treoshuíomh ar leith ar chuspóirí agus riachtanais an róil atá aige/aici mar oibrí deonach. Cuimsíonn sé seo, gan a bheith teoranta do, oiliúint insealbhaite d'oibrithe deonacha nua, ina gcumhdaítear cosaint leanaí, árachas, sláinte agus sábháilteacht, gníomhaíochtaí agus smaointe, oiliúint roghnach cinnirí, agus oiliúint bhreise atá bunaithe ar riachtanais ar leith, amhail iompraíocht dhúshlánach agus ceardlanna cluichí. Is gá do gach oibrí deonach an Cúrsa Cosaint Leanáí le Tusla – Children First E-Learning Programme a dhéanamh agus cóip den teastas a chur ar aghaidh chuig Ard-Oifig Ógras. Is féidir le d'Oifigeach Forbartha Réigiúnach tuilleadh eolais a sholáthar ar an oiliúint atá ar fáil i do cheantar féin. Déanfaidh Ógras a ndícheall a chinntiú gur féidir teacht go héasca ar na seisiúin eolais agus go mbeidh siad chomh bainteach agus is féidir le riachtanais, de réir mar is cuí. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an bpolasaí oiliúna seo agus déanfar measúnú ar gach clár oiliúna.

2. Oiliúint i rith an phoist

Cuirtear oiliúint tosaigh agus leanúnach i rith an phoist ar oibrithe deonacha ionas go mbeidh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha acu chun a dtascanna a chur i gcrích go maith. Ní mór don oiliúint a bheith cuí d'éilimh an phoist agus cumas an oibrí dheonaigh.

3. Oiliúint bhreise

Spregtar oibrithe deonacha go gníomhach chun cúrsaí oiliúna, seimineáir, comhdhálacha agus mar sin de a dhéanamh, a chabhródh leo a róil a chur i gcrích ar bhealach níos fearr agus a chuideodh lena bhforbairt phearsanta a aithint. Ní mór do Stiúrthóir Ógras cead a thabhairt dá leithéid d'oiliúint a bheith déanta saor in aisce, agus ní dhéanfar seo ach sa chás go bhfuil go leor airgid ar fáil. Tugtar tosaíocht d'oibrithe deonacha atá ann le faða agus do dhaoine ar beag an oiliúint atá curtha orthu go dtí sin. Is féidir le hÓgras cúrsaí ar leith a cheapadh chomh maith agus iad bunaithe ar riachtanais atá aitheanta ag oibrithe deonacha nó ag an bhfoireann.

4. Eolas oiliúna

Má íocann Ógras as oiliúint bhreise, is leis an eagraíocht cúrsa nó ábhair ar bith eile agus ní mór iad a chomhdú in oifig Ógras. Ní mór do gach oibrí deonach tuairisc ghearr a thabhairt isteach ina ndéantar cur síos ar ábhar agus úsáideacht an chúrsa nó an chruinnithe ar freastalaíodh air. Caithfear eolas oiliúna a dháileadh ar dhaoine bainteacha san eagraíocht.

Maoirseacht

1. Línte cumarsáide

Ba chóir go n-oibreodh na línte cumarsáide sa dá threo agus ba chóir go mbeidís ann go foirmiúil agus go neamhfoirmiúil. Caithfidh teacht a bheith ag oibrithe deonacha ar an eolas, meamraim, ábhair agus cruinnithe cuí go léir a bhaineann lena bpoist. Ní mór dul i gcomhairle le hoibrithe deonacha ar gach cinneadh a rachadh i bhfeidhm go suntasach ar a gcás mar oibrithe deonacha.

2. Maoirseoirí

Caithfidh maoirseoir atá aitheanta go soiléir a bheith ag gach oibrí deonach,

agus é/í freagrach as bainistíocht an duine dheonaigh sin ó lá go lá. Is gnách go nglacann Stiúrthóir Ógras le ról an mhaoirseora, ach cuirtear oiliúint ar agus tugtar treoir do gach ball foirne ar an gcaoi le hoibrithe deonacha a chur san áireamh go héifeachtach in obair na heagraíochta.

3. Gníomh ceartaitheach

Is ceadmhach gníomh ceartaitheach a dhéanamh tar éis seisiúin mheasúnachta, más cuí. Samplaí a bheadh i gceist ná eagrú oiliúna le haghaidh riachtanas aitheanta oiliúna, athshannadh oibrí dheonaigh, nó briseadh an duine dheonaigh as a p(h)ost.

4. Oibrí deonach a bhriseadh as a p(h)ost

D'fhéadfaí oibrithe deonacha nach gcloíonn le rialacha na heagraíochta nó a dteipeann orthu a gcúram mar oibrithe deonacha a chur i gcrích go sásúil a bhriseadh as a bpoist. Ní chuirfear deireadh i scríbhinn le rannpháirtíocht oibrí dheonaigh ar bith go dtí go mbeidh deis ag an oibrí deonach sin na fáthanna leis an mbriseadh sin a phlé lena m(h)aoirseoir. Ar na boinn ar ar féidir oibrí a bhriseadh as a p(h)ost, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist, gan a bheith teoranta dóibh: mí-iompar tromchúiseach, bheith faoi thionchar drugaí (alcól san áireamh), goid, mí-úsáid trealaimh agus ábhar, caitheamh go mí-úsáideach le cliaint agus oibrithe eile, sárú rúndachta, teip cloí le polasaithe agus nósanna imeachta Ógras agus teip dualgais a chomhlíonadh go caighdeán sásúil.

5. Buarthaí agus gearáin

Mura bhfuil oibrithe deonacha sásta go bhfuil ceisteanna a bhaineann lena saorálaíocht á láimhseáil go cuí, tá siad i dteideal athbhreithniú ar a mbuarthaí ag an mBord Stiúrtha. Pléifidh an Bord Stiúrtha an cheist chomh luath agus is féidir tar éis do ghearán scríofa a bheith faighte, agus déanfaidh siad an gníomh cuí. Is é cathaoirleach an choiste stiúrtha a dhéanfaidh an cinneadh deiridh.

6. Agallaimh fágála

Cibe áit ar féidir, cuirtear oibrithe deonacha ar bith atá ag fágáil na heagraíochta faoi agallamh fágála neamhfhoirmiúil, toisc go bhfuil deireadh tagtha le tréimhse a dtionscadail, nó toisc iad a bheith ag imeacht ar chúis eile. Is gnách agallaimh a dhéanamh le hiar-mhaoirseoir an oibrí dheonaigh agus coinnítear taifid orthu. Ba chóir go bhfaigheadh an seisiún amach cén fáth a bhfuil an t-oibrí deonach ag imeacht, conas a bhí an t-eispéireas aige/aici mar oibrí deonach agus cé na moltaí atá aige/aici chun modh oibrithe na heagraíochta a fheabhsú. Ba chóir do gach oibrí deonach fógra a thabhairt don chlub agus don eagraíocht roimh dóibh éirigh as á bpost.

Tacaíocht agus Aitheantas

1. Tacaíocht

Féachann Ógras leis an tacaíocht chuí a chur ar fáil chun oibrithe deonacha a spreagadh agus a chumasú chun cion oibre fiúntach a dhéanamh agus tairbhí suntasacha a fháil ón obair dheonach a dhéanann siad. Bíonn tacaíocht mar chuid de na seisiúin rialta mhaoirseachta agus cuireann sí seo suíomh sábháilte ar fáil d'oibrithe deonacha inar féidir leo iad féin a chur in iúl,

scaoileadh lena racht agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a mbraitheann siad faoin tsaorálaíocht. Déanfaidh Stiúrthóir Ógras iarracht i gcónaí a bheith ar fáil d'oibrithe deonacha a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu i réimsí eile atá ag dul i bhfeidhm ar a gcuid oibre. Féachann Ógras le háiseanna, trealamh agus acmhainní imleora agus cuí a chur ar fáil chun oibrithe deonacha a chumasú chun a ról a chur i gcrích.

2. Duine teagmhála

Beidh ball foirne ag tacú le gach oibrí deonach, chun é/í a threorú agus chun comhairle a chur air/uirthi ina ról agus beidh teacht rialta aige/aici ar an duine sin.

3. Aitheantas

Cuireann oibrithe deonacha seirbhís ar leith ar fáil d'Ógras agus is deacair tairbhí na seirbhíse sin a thomhas. Tá sé ríthábhachtach go n-aithnítear a n-iarrachtaí agus go dtugtar luaíocht dóibh. Tá foireann Ógras freagrach as buíochas a ghabháil le gach oibrí deonach go neamhfhoirmiúil agus go rialta as an gcion oibre luachmhar a dhéanann siad don eagraíocht. Tá Stiúrthóir Ógras freagrach as cinntiú go léirítear aitheantas níos foirmiúla dóibh ag amanna tábhachtacha áirithe.

4. Speansais

Tugann oibrithe deonacha a gcuid ama agus scileanna saor in aisce, mar sin tá sé riachtanach go dtairgfeadh Ógras aisíocaíocht speansas ar bith as póca a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe ag oibrithe deonacha agus obair dheonach ar siúl acu ar son na heagraíochta. Níor chóir ligean do chostais na saorálaíochta daoine ar bheagán ioncaim a dhíspreagadh riamh. Bíonn rátaí reatha agus nósanna imeachta chun speansais a éileamh socraithe ag an mBord Stiúrtha agus bíonn siad curtha in iúl do na hoibrithe deonacha go léir. Is gá admhálacha a chur ar fáil ar mhaithe le haisíocaíocht speansas a fháil. Tá sé inghlactha go ndéanfaidh an club nó Ógras costas peitreal a aisíoc le ceannairí as ucht taisteal chuig imeachtaí an chlub/eagraíocht. Ní chumhdaítear cúram leanaí agus caillteanas tuillimh.

5. Árachas

Bíonn árachas curtha ar fáil ag Ógras chun gach oibrí deonach a bhíonn ag obair ar son agus faoi stiúir na heagraíochta a chumhdach. Tugtar eolas do gach oibrí deonach faoin árachas dliteanais phoiblí a chuirtear ar fáil trí bhallraíocht in Ógras.

6. Sláinte agus Sábháilteacht

Ní mór d'oibrithe deonacha Ógras a bheith cúramach chun a sábháilteacht féin agus sábháilteacht na ndaoine óga a mbíonn siad ag obair leo a chinntiú. Ba chóir cóipeanna de nósanna imeachta bainteacha eagraíochtúla sláinte agus sábháilteachta a chur ar fáil d'oibrithe deonacha agus an tacaíocht agus oiliúint chuí a bheith curtha ar fáil dóibh chomh maith.



7. Cosaint leanaí agus polasaithe eile

Tá polasaithe ag Ógras ar chosaint leanaí, dea-chleachtas in obair le daoine óga, Tobac, Alcól agus Drugaí, Comhtháthú agus ábhair eile is gá do gach oibrí deonach fásta a chur i bhfeidhm.

Cruthú an Pholasaí

Dáta a cruthaíodh an polasaí seo	Iúil 2020
----------------------------------	-----------

Síniú

	Ainm agus Post	Síniú
Faofa ag	Maedhbh Ní Dhónaill - Stiúrthóir Ógras	
Faofa ag	Anita Nic Amhlaoidh, Cathaoirleach Ógras	

An Dáta Athbhreithnithe

Dáta a ndéanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo	Iúil 2023
--	-----------

Freagrach as cur i bhfeidhm an pholasaí

Beidh Bord Stiúrtha agus Bainistíocht Ógras freagrach as cur i bhfeidhm an pholasaí.